## Fógra Príobháideachta Chomhar Creidmheasa Cholm Cille Teo.

# Earcaíocht

Is comharchumann airgeadais atá sa chomhar creidmheasa. Tá sé faoi úinéireacht a chuid ball, agus tá sé rialaithe go daonlathach ag na baill. Feidhmíonn an comhar creidmheasa chun coigilteas a chur chun cinn, creidmheas a chur ar fáil ar rátaí iomaíocha, agus seirbhísí airgeadais eile a chur ar fáil dá chuid ball. Ní dhéantar sonraí a bhailiú, a phróiseáil ná a úsáid ach amháin chun na cuspóirí thuasluaite a bhaint amach.

Seo a leanas ár gcuid sonraí teagmhála:

- Seoladh: Comhar Creidmheasa Cholm Cille Teo, An Cnoc, Indreabhán, Co. na Gaillimhe, H91D9P7
- Fón: 091-593421
- Teagmháil: An tOifigeach Cosanta Sonraí

Tá Comhar Creidmheasa Cholm Cille Teo. tiomanta maidir le do phríobháideacht agus slándáil do chuid faisnéise pearsanta a chosaint. Míníonn an fógra príobháideachta seo an chaoi a mbailímid agus a n-úsáidimid do chuid sonraí pearsanta le linn agus i ndiaidh an phróisis earcaíochta agus roghnúcháin i ndáil le post san eagraíocht.

Cuirfear an fógra príobháideachta seo ar fáil do gach iarratasóir a chuireann isteach ar phost sa chomhar creidmheasa, mar shampla, fostaithe, conraitheoirí, oibrithe gníomhaireachta, comhairleoirí, stiúrthóirí, oifigigh agus oibrithe deonacha (Pearsanra an Chomhair Creidmheasa) de chuid an chomhair chreidmheasa. D'fhéadfadh sé go mbeadh gnéithe den fhógra nach mbaineann leat, ag brath ar an ról sonrach a ghlacfaidh tú sa chomhar creidmheasa.

D'fhéadfadh muid an fhaisnéis seo a leanas a bhailiú:

- An fhaisnéis a chuir tú ar fáil dúinn i [bhfoirm iarratais/CV agus litir chumhdaigh];
- D'ainm agus do shonraí teagmhála (i.e. seoladh, uimhir d'fhón baile agus d'fhón póca, seoladh ríomhphoist);
- Uimhir Aitheantais Cánach;
- Sonraí faoi do chuid cáilíochtaí, taithí, stair fhostaíochta (teidil poist, tuarastal agus uaireanta oibre) agus d'ábhair spéise;
- An fhaisnéis ar fad a chuireann tú ar fáil dúinn i ríomhphost, ar an teileafón nó le linn agallaimh;
- Sonraí faoi do chuid moltóirí.

D'fhéadfadh muid na "catagóirí speisialta" d'fhaisnéis phearsanta níos íogaire a bhailiú, a stóráil agus a úsáid freisin, ar nós:

- Faisnéis faoin gcine nó eitneacht lena mbaineann tú
- Faisnéis faoi do shláinte, aon fhadhb sláinte, taifid sláinte agus tinnis, san áireamh
- Faisnéis faoi chiontuithe coiriúla agus coireanna.

D'fhéadfadh muid an fhaisnéis seo a leanas a bhailiú, chomh maith, tar éis chéim an ghearrliostaithe, agus sula ndéantar cinneadh deiridh maidir le hearcú:

- Faisnéis faoi do stair acadúil agus/nó fostaíochta roimhe seo, lena n-áirítear sonraí faoi fhadhbanna maidir le hiompar nó feidhmíocht, breithmheas, coimeád ama agus tinreamh, ó theistiméireachtaí a fuarthas fút ó fhostóirí de do chuid roimhe seo agus/nó ó sholáthraithe oideachais;
- Faisnéis faoi do cháilíochtaí acadúla agus gairmiúla;
- **Má bhaineann sé le hábhar**, faisnéis maidir le do thaifead coiriúil, i seiceálacha taifead coiriúil agus stair chreidmheasa agus aon sonraí eile a thagann chun solais le linn seiceálacha faoi do chúlra;
- Do náisiúntacht agus do stádas inimirce agus faisnéis ó cháipéisí bainteacha, ar nós, do phas nó faisnéis aitheantais agus inimirce eile
- Cóip de do cheadúnas tiomána (Ag brath ar an bpost a bhfuil tú ag cur isteach air);

**An chaoi a mbailímid an fhaisnéis**

Bailímid sonraí pearsanta faoi iarratasóirí ó na foinsí seo a leanas:

- Sonraí a chuireann tusa, an t-iarratasóir, ar fáil i gcuraclaim vitae (CV), i litreacha, nó in ábhar scríofa eile;
- gníomhaireacht earcaíochta, gnólachtaí socrúcháin oibre tríú páirtí nó suíomhanna gréasáin chun poist a chuardach, óna mbailímid na catagóirí sonraí seo a leanas:

**Cén fáth an mbailímid an fhaisnéis agus an chaoi a n-úsáidimid í**

- De ghnáth, baileoimid agus úsáidfimid an fhaisnéis seo ar na cúiseanna seo a leanas:

**Comhlíonadh conartha** Ní mór dúinn do chuid faisnéise pearsanta a phróiseáil chun cinneadh a dhéanamh i leith conradh fostaíochta a dhéanamh leat

Do chuid scileanna, cáilíochtaí, d'oiriúnacht don phost a mheas  agus dul ar aghaidh chun conradh a dhéanamh leat.

**Ár ndualgas dlíthiúil** Tá sé seo tábhachtach nuair a bhíonn sonraí pearsanta á bpróiseáil againn agus muid ag comhlíonadh Dlí an AE nó Dlí na hÉireann

chun oibleagáid dhlíthiúil a chomhlíonadh (m.sh. ár n-oibleagáid maidir le seiceáil an bhfuil tú incháilithe chun oibriú i bPoblacht na hÉireann);

seiceálacha um thaifead coiriúil cuí a dhéanamh de réir mar atá riachtanach faoinár rialáil agus de réir mar a cheadaíonn an dlí maidir le feidhmeanna/róil shonracha amháin
[Taifid a choinneáil a bhaineann lenár bpróisis earcaíochta.];

**Leasanna dlisteanacha** Is éard is leas dlisteanach ann ná nuair a úsáidimid d'fhaisnéis ar chúis ghnó nó tráchtála. Ach fiú sa chás sin, ní fhéadfar dul i gcoinne ar bhealach éagórach an rud atá ceart agus is fearr duitse. Má úsáidimid d'fhaisnéis de bhonn leas dlisteanach, inseoimid duit céard é an leas sin.

[Do chuid scileanna, cáilíochtaí, d'oiriúnacht don phost a mheas]

Ár leas dlisteanach: Is é leas dlisteanach an chomhair chreidmheasa ná daoine a earcú i róil agus feidhmeanna chun leasa na heagraíochta féin.

[Cumarsáid a dhéanamh leat faoin bpróiseas earcaíochta.];

[Ár leas dlisteanach: Chun a chinntiú go gcoinneoimid ar an eolas thú faoin bpróiseas, déanfaimid teagmháil leat ar an mbealach cumarsáide is fearr leat, chun a chinntiú gur tugadh nó gur glacadh treoracha mar is ceart toisc an cineál gnó atá againn agus chun aon easaontas a réiteach go tapa agus go beacht.]

[Taifid a choinneáil a bhaineann lenár bpróisis earcaíochta.];

[Ár leas dlisteanach: Taifid a choinneáil a bhaineann leis an bpróiseas earcaíochta sa chás gur mian leat aon chearta a bhaineann leis na sonraí a fheidhmiú agus aon easaontas a réiteach go tapa agus go beacht.]

[Más mian linn do shonraí pearsanta a choinneáil ar chomhad, ar an mbonn go bhféadfadh deis eile teacht chun cinn amach anseo agus go bhféadfadh sé gur mhaith linn tú a mheas chuige sin, scríobhfaimid chugat ag lorg do thoiliú chun do shonraí pearsanta a choinneáil ar feadh tréimhse socraithe ar an mbonn sin.]

[Tar éis dúinn do CV agus do litir chumhdaigh, nó d'fhoirm iarratais agus más cuí, torthaí an scrúdaithe a rinne tú ar an (insert date),  a fháil, déanfaimid an fhaisnéis sin a phróiseáil chun cinneadh a dhéanamh ar chomhlíon tú na riachtanais is gá chun d'ainm a chur ar an ngearrliosta don ról. Má thugaimid cuireadh duit chuig agallamh, úsáidfimid an fhaisnéis a thugann tú dúinn ag an agallamh chun cinneadh a dhéanamh an dtairgfear an post duit. Má shocraímid an post a thairiscint duit, lorgóimid teistiméireachtaí AGUS/NÓ déanfaimid seiceáil ar thaifead coiriúil AGUS /NÓ déanfaimid AON seiceáil EILE is gá sula ndéanfaimid do cheapachán a dheimhniú.

Go ginearálta, déanfar cinnte nach mbeidh rochtain ar do shonraí pearsanta ach ag an líon is lú daoine agus is féidir, go díreach iad siúd a dhéanfaidh d'iarratas ar fhostaíocht a mheas, nó a chomhlíonann  feidhmeanna le tacú lenár bhfoireann Earcaíochta agus roghnúcháin (m.sh. agallóirí seachtracha), nó iad siúd a bhfuil sé de dhualgas orainn na sonraí sin a sholáthar dóibh ó thaobh dlí de.

Déanaimid ár ndícheall a chinntiú go mbíonn an próiseas bailithe agus próiseála faisnéise cuí agus cóir i gcónaí. Cuirfimid in iúl duit má bhíonn aon athrú ar an bhfaisnéis a bhailímid nó ar na cuspóirí atá leis an bhfaisnéis sin a bhailiú agus a phróiseáil.

**Mura gcuireann tú faisnéis phearsanta ar fáil**

Mura gcuireann tú faisnéis ar fáil nuair a iarrtar í i.e. faisnéis atá riachtanach chun go bhféadfaimis d'iarratas a mheas, ar nós fianaise maidir le do cháilíochtaí nó stair oibre, ní bheidh muid in ann d'iarratas a phróiseáil i gceart. Mar shampla, má bhíonn seiceáil chreidmheasa nó teistiméireachtaí de dhíth don ról seo agus mura gcuireann tú na sonraí cuí ar fáil dúinn, ní bheidh muid in ann leanúint le d'iarratas.

**An chaoi a n-úsáidimid sonraí de chatagóir speisialta**

Úsáidfimid do chuid sonraí de chatagóir speisialta ar na bealaí seo a leanas:

- Úsáidfimid faisnéis faoi do chine nó faoi do náisiúntacht nó eitneacht chun a fháil amach an bhfuil cead oibre ag teastáil uait chun go mbeifeá i dteideal post a ghlacadh linn;
- Úsáidfidh muid sonraí a bhaineann le do shláinte nó míchumas, sa chás go bhfuil a leithéid seo tábhachtach maidir le do chumas nó cibé an mbeifeá ar fáil chun oibre, nó maidir leis an áit oibre a bheith in oiriúint

**Faisnéis faoi chiontuithe coiriúla**

Déanfaimid faisnéis faoi chiontuithe coiriúla a phróiseáil i ndáil leis na róil seo a leanas amháin:

- Leagann Banc Ceannais na hÉireann dualgas orainn seiceálacha taifid choiriúil a dhéanamh i gcás daoine atá i mbun Feidhm Rialaithe sa Chomhar Creidmheasa (CUCF) nó Feidhm Rialaithe Réamhcheadaithe sa Chomhar Creidmheasa (CUPCF).

Tá dualgas orainn seiceáil taifid choiriúil a dhéanamh chun a chinntiú nach bhfuil aon rud i do stair um chiontuithe coiriúla a léiríonn nach bhfuil tú oiriúnach don ró(i)l.

I gcás ina bpróiseálaimid sonraí coiriúla, cinnteoimid go bhfuil cosaintí cuí breise i bhfeidhm, mar a fhoráiltear faoin Acht um Chosaint Sonraí 2018.

**Athrú cuspóra**

Ní úsáidfimid do shonraí pearsanta ach amháin i gcás na gcuspóirí lenar bhailíomar iad, mura measaimid go réasúnta go bhfuil orainn iad a úsáid ar chúis eile agus go bhfuil an chúis sin comhoiriúnach leis an gcuspóir lenar bailíodh iad ar dtús. Má theastaíonn uainn d'fhaisnéis phearsanta a úsáid ar chúis nach mbaineann leis an gcuspóir sin, cuirfimid ar an eolas thú agus míneoimid an bunús dlí a cheadaíonn dúinn é sin a dhéanamh.

Tabhair faoi deara go bhféadfadh muid d'fhaisnéis phearsanta a phróiseáil gan do thoiliú ná tú a chur ar an eolas ina leith, de réir na rialacha thuas, nuair a éilítear nó a cheadaítear a leithéid seo de réir dlí.

**Cé chomh slán is atá mo chuid faisnéise le soláthraithe tríú páirtí?**

D'fhéadfadh sé go mbeadh orainn cuid de na catagóirí um shonraí pearsanta thuas a roinnt le páirtithe eile, mar shampla, comhairleoirí Acmhainní Daonna, Conradh na hÉireann de Chomhair Chreidmheasa (ILCU) [12], árachóirí agus comhairleoirí gairmiúla. De ghnáth, déanfar an fhaisnéis anaithnid, ach b'fhéidir nach mbeadh sé sin indéanta i gcónaí. Tá sé de dhualgas ar ár soláthraithe seirbhíse tríú páirtí ar fad bearta slándála cuí a chur i bhfeidhm chun d'fhaisnéis phearsanta a chosaint mar atá leagtha amach inár mbeartas. Ní cheadaímid dár soláthraithe seirbhíse tríú páirtí do shonraí pearsanta a úsáid chun a gcuspóirí féin, ach amháin sa chás gur rialaitheoirí sonraí iad féin[3]. Ní cheadaímid dóibh do shonraí pearsanta a phróiseáil ach amháin ar chúiseanna sonraithe agus de réir ár dtreoracha. Beidh oibleagáidí rúndachta ar an té/daoine a fhaigheann an fhaisnéis chomh maith. D'fhéadfadh sé go mbeadh orainn roinnt sonraí pearsanta a roinnt lenár rialtóirí, Banc Ceannais na hÉireann, nó Iniúchóirí Inmheánacha nó Seachtracha mar a éilítear faoin dlí.

**Tréimhse Coinneála Sonraí**

Coinneoimid d'fhaisnéis phearsanta ar feadh tréimhse 12.5 mí tar éis dúinn ár gcinneadh cibé an bhfuiltear chun tú a cheapadh sa phost a chur in iúl duit. Coinnímid d'fhaisnéis phearsanta ar feadh na tréimhse sin ionas gur féidir linn a chruthú, i gcás aon éileamh dlíthiúil, nach ndearnamar leithcheal ar iarrthóirí ar chúiseanna toirmiscthe agus go ndearnamar an próiseas earcaíochta ar bhealach cothrom agus trédhearcach. Nuair a bheidh an tréimhse choinneála caite, scriosfar na sonraí ábhartha go buan. Má theastaíonn tuilleadh eolais uait, déan teagmháil linn le do thoil.

Má éiríonn le d'iarratas, ní choinneoimid ach an fhaisnéis earcaíochta atá riachtanach i ndáil le do phost. Tá an fhaisnéis a bhailíonn muid nuair atá duine fostaithe againn leagtha amach inár bhfógra príobháideachta um chosaint sonraí Phearsanra an Chomhair Chreidmheasa. Cuirfear é seo ar fáil duit má éiríonn leat.

**Má theastaíonn uainn do shonraí pearsanta a choinneáil ar chomhad, ar an mbonn go bhféadfadh deis eile teacht chun cinn amach anseo agus go bhféadfadh sé gur mhaith linn tú a mheas chuige sin, scríobhfaimid chugat ag lorg do thoiliú chun do shonraí pearsanta a choinneáil ar feadh tréimhse socraithe ar an mbonn sin.**

**Do Chearta maidir le do shonraí Pearsanta :**

**Fáil amach** cibé an bhfuil do chuid sonraí pearsanta á gcoimeád againn **agus má tá, tá an ceart agat rochtain a iarraidh** i leith na sonraí sin agus cóip díobh a iarraidh. Tá an ceart agat chomh maith tuilleadh eolais a iarraidh faoi phróiseáil na sonraí sin.

**An ceart go gceartaítear** aon sonraí pearsanta atá á gcoinneáil againn. Ciallaíonn sé seo gur féidir leat aon fhaisnéis atá míchruinn nó atá easnamhach a cheartú.

**An ceart go scriosfar** do shonraí pearsanta. Tugann seo an ceart duit a iarraidh orainn aon sonraí pearsanta atá á gcoinneáil againn a scriosadh mura bhfuil cúis mhaith againn le leanacht á bpróiseáil. Tá an ceart agat chomh maith a iarraidh orainn sonraí pearsanta a scriosadh nó fáil réidh leo má chuir tú in aghaidh phróiseáil do chuid sonraí (féach thíos).

**An ceart cur in aghaidh phróiseáil** do chuid sonraí pearsanta nuair a bhímid ag brath ar leas dlisteanach (nó leas dlisteanach tríú páirtí) más mian leat cur in aghaidh na próiseála ar chúinsí áirithe. Tá an ceart agat cur in aghaidh phróiseáil do chuid sonraí má bhímid á n-úsáid i gcomhair mhargaíocht dhíreach chomh maith.

**Do cheart chun próiseáil do chuid sonraí pearsanta a shrianadh.** Tá an ceart agat a iarraidh orainn próiseáil do chuid sonraí pearsanta a shrianadh i gcásanna ar leith.

Má tá do chuid sonraí pearsanta á gcoinneáil againn ar bhunús do thoilithe, amháin, **tá an ceart agat an toiliú sin a tharraingt siar ag aon am gan aon táille.**

Tá an ceart agat na nithe seo a iarraidh: a) **cóip d'aon sonraí pearsanta ábhartha a chur ar fáil duit i bhfoirm in-athúsáidte**; nó b) **a iarraidh orainn do chuid sonraí pearsanta a aistriú chuig rialtán eile,** más féidir a leithéid a dhéanamh ó thaobh na teicneolaíochta de.
*'Ciallaíonn sonraí pearsanta ábhartha:Sonraí a chuir tú ar fáil dúinn nó a fuair muid nuair a d'úsáid tú ár seirbhísí, a próiseáladh ar bhealach uathoibrithe, agus a bhfuil an bunús a bpróiseálaimid í bunaithe ar do thoiliú nó ar chonradh a rinne tú linn.*

Tá **an ceart agat gearán a dhéanamh** leis an **gCoimisinéir Cosanta Sonraí** (DPC) maidir le próiseáil do chuid sonraí pearsanta faoin dáta:

| | |
|---|---|
| **Teileafón +353 91-593421/086 8484751**<br>**Ríomhphost** oifig@cccholmcille.ie | **Seoladh Poist: Coimisinéir Cosanta Sonraí**<br>**Comhar Creidmheasa Cholm Cille Teo., An Cnoc, Indreabhán, Co. na Gaillimhe, H91D9P7** |

**Tabhair faoi deara nach cearta iomlána a bhíonn sna cearta thuas i gcónaí agus d'fhéadfadh teorainneacha áirithe a bheith i gceist**

Más mian leat rochtain a fháil ar do chuid sonraí pearsanta nó cóip díobh a fháil nó más mian leat d'fhaisnéis pearsanta a athbhreithniú, a dhearbhú nó a cheartú nó más mian leat go scriosfaí iad, nó cur i gcoinne phróiseáil do chuid sonraí pearsanta nó más mian leat a iarraidh orainn cóip de do chuid sonraí pearsanta a chur chugat nó /chuig tríú páirtí i bhfoirm in-athúsáidte, déan teagmháil i scríbhinn leis an OCS (DPO) ag an seoladh/seoladh ríomhphoist thuas..

**Ní bhíonn aon táille le híoc nuair a bhíonn tú ag feidhmiú aon cheann de na cearta thuas,** seachas sa chás ina mbeadh d'iarratas gan aon bhunús nó iomarcach.

**B'fheidir go mbeadh orainn d'aitheantas a dheimhniú má bhíonn amhras réasúnta orainn maidir le cé tú féin.** Is beart slándála cuí atá anseo lena chinntiú nach dtugtar do chuid sonraí pearsanta d'aon duine nach bhfuil an ceart aige/aici iad a fháil.

**Cinntiú go bhfuil ár bhfaisnéis cruinn agus suas chun dáta**

Teastaíonn uainn go mbeidh ár gcuid seirbhísí i gcónaí ar an gcaighdeán a mbíonn tú ag súil leis. Is féidir leat cabhrú linn má chuireann tú in iúl dúinn láithreach má thagann aon athrú ar d'fhaisnéis phearsanta. Más mian leat aon cheann de na cearta seo a fheidhmiú, déan teagmháil linn ag Comhar Creidmheasa Cholm Cille Teo, An Cnoc, Indreabhán, Co. na Gaillimhe, H91D9P7.